

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13517/25

FIN 1147

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	3 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Nicolai WAMMEN, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	BUDGET DEC(2025) 15
Ábhar:	Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 15/2025 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2025) 15.

Faoi iamh: BUDGET DEC(2025) 15



BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025

ROINN III — TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 01, 02, 03, 04, 05, 06, 07, 08, 09, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. DEC 15/2025

RÉAMHRÁ

Gach bliain, tar éis an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme iarbhrí agus ar úsáid ionchasach leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí go dtí deireadh na bliana airgeadais, molann sé ‘an tOllaistriú’, mar a thugtar air, atá ceaptha chun leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a athchothromú don bhliain bhuiséid reatha. A mhéid is féidir, is trí bhíthin aistrithe inmheánacha laistigh de na caibidlí ábhartha den bhuiséad a thugtar aghaidh ar an easnamh arna shainaithint i leithreasuithe. Baineann an togra maidir leis an Ollaistriú le hathchoigeartuithe nach féidir aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin aistrithe inmheánacha den sórt sin.

Ní mór an tOllaistriú, amhail aon aistriú eile, a bheith neodrach ó thaobh a éifeacht bhuiséadach de.

Baineann an togra maidir leis an Ollaistriú le haghaidh 2025 le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dar luach EUR 802,1 milliún, méid a chomhfhreagraíonn do 0,5 % d’iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí údaraithe i mbuiséad 2025. Mar a léirítear sa tábla thíos, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, tá sé sin sách teoranta, rud a léiríonn go bhfuil na cláir ag feidhmiú ar luas cúrsála.

Bliain airgeadais	Luach an Ollaistrithe (milliún euro)
2018	952,7
2019	1 077,6
2020	595,4
2021	2 410,9
2022	1 950,9
2023	1 051,1
2024	2 870,3
2025	802,1

San iomlán, tá 60 líne bhuiséid i gceist (27 líne bhuiséid le haghaidh treisithe agus 33 líne bhuiséid le haghaidh laghduithe), i gcomparáid le 103 líne bhuiséid (27 líne bhuiséid le haghaidh treisithe agus 76 líne bhuiséid le haghaidh laghduithe) a cuimsíodh san Ollaistriú a cuireadh i láthair in 2024.

Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chuirtear ar fáil faoi cheannnteideal, baineadh úsáid astu ar an gcéad dul síos chun na riachtanais sa cheannnteideal céanna sin a chumhdach. Ina theannta sin, moltar i nDréachtbhuiséad Leasaitheach 3/2025 leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a mhéadú faoi EUR 3 bhilliún, méid a chomhfhreagraíonn do mhéideanna nach féidir a sholáthar san Ollaistriú.

Is iad seo a leanas na treisithe agus na laghduithe atá beartaithe de réir ceannteidil:

Ceannteidil		Ollaistriú (euro)		
		Méadú	Laghdú	Glanathrú
1.	Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	134 775 182	-338 827 110	-204 051 928
2.	Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	33 037 177	-42 193 124	-9 155 947
2a	Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	104 000	-33 732	70 268
2b	Athléimneacht agus luachanna	32 933 177	-42 159 392	-9 226 214
3.	Acmhainní Nádurtha agus Comhshaol	461 943 522	-2 677 730	459 265 792
4.	An Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	51 000 000	0	51 000 000
5.	Slándáil agus Cosaint	19 000 000	-323 241 006	-304 241 006
6.	An Chomharsanacht agus an Domhan	95 121 788	-95 121 788	0
7.	Riarachán Poiblí Eorpach	0	0	0
	Cúlchistí agus ionstraimí speisialta	7 183 089	0	7 183 089
Iomlán		802 060 758	-802 060 758	0

Ceannteidil/Clár			Ollaistriú (euro)		
			Méadú	Laghdú	Glanathrú
1.	Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha		134 775 182	-338 827 110	-204 051 928
	Ar díobh sin	1.0.1PPPA Treoirhionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	0	-3 701 710	-3 701 710
		1.0.3PPPA Treoirhionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	0	-1 022 536	-1 022 536
		1.0.4PPPA Treoirhionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	0	-11 102 250	-11 102 250
		1.0.4SC Clár an Aontais um Nascacht Shlán	0	-91 600 000	-91 600 000
		1.0.21 Ciste InvestEU	0	-23 687 449	-23 687 449
		1.0.23 An Clár don Eoraip Dhigiteach	0	-79 713 164	-79 713 164
		1.0.31 Clár an Mhargaidh Aonair (FBManna san áireamh)	87 099 099	0	87 099 099
		1.0.33 Comhar i réimse an chánachais (Fiscalis)	9 460 000	0	9 460 000
		1.0.34 Comhar i réimse an chustaim (Custaim)	31 600 000	0	31 600 000
		1.0.41 Clár Spáis an Aontais	0	-128 000 000	-128 000 000
		1.0.222 Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Fuinneamh	6 616 083	0	6 616 083
2.	Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna		33 037 177	-42 193 124	-9 155 947
	Ar díobh sin	2.1.1PPPA Treoirhionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	104 000	-33 732	70 268
		2.2.2SPEC Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún	250 000	0	250 000
		2.2.3PPPA Treoirhionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	281 943	-95 970	185 974
		2.2.13 Tacaíocht do Phobal Turcach na Cipire	6 500 000	0	6 500 000
		2.2.21 An tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta (lena n-áirítear an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil)	0	-5 000 000	-5 000 000
		2.2.22 Cosaint an euro ar ghóchumadh (an clár 'Pericles IV')	0	-87 285	-87 285

Ceannteidil/Cláir			Ollaistriú (euro)		
			Méadú	Laghdú	Glanathrú
		2.2.25 EU4Health	0	-27 580 743	-27 580 743
		2.2.26 Ionstraim Tacaióchta Éigeandála laistigh den Aontas	0	-1 000 000	-1 000 000
		2.2.32 Erasmus+	25 901 234	0	25 901 234
		2.2.34 Eoraip na Cruthaitheachta	0	-8 395 395	-8 395 395
3.	Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaol		461 943 522	-2 677 730	459 265 792
	Ar díobh sin	3.2.1PPPA Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	0	-1 843 271	-1 843 271
		3.2.2PPPA Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin	0	-834 459	-834 459
		3.2.2SPEC Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún	9 329 000	0	9 329 000
		3.2.12 An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	381 214 256	0	381 214 256
		3.2.21 An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	71 400 266	0	71 400 266
4.	An Imirce agus Bainistiú Teorainneacha		51 000 000	0	51 000 000
	Ar díobh sin	4.0.2DAG Gníomhaireachtaí dlíraithe	47 000 000	0	47 000 000
		4.0.11 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	4 000 000	0	4 000 000
5.	Slándáil agus Cosaint		19 000 000	-323 241 006	-304 241 006
	Ar díobh sin	5.0.11 An Ciste Slándála Inmheánaí (CSI)	19 000 000	0	19 000 000
		5.013 Sábháilteacht Núicléach agus díchoimisiúnú (lena n-áirítear an Bhulgáir agus an tSlóvaic)	0	-28 065 000	-28 065 000
		5.0.23 An Ionstraim Ghearthéarmach um sholáthar comhchoiteann in earnáil na Cosanta	0	-39 580 006	-39 580 006
		5.0.24 An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú	0	-65 980 000	-65 980 000
		5.0.211 An Ciste Eorpach Cosanta (Taighde)	0	-30 666 000	-30 666 000
		5.0.212 An Ciste Eorpach Cosanta (Ábhar nach Taighde)	0	-158 950 000	-158 950 000
6.	An Chomharsanacht agus an Domhan		95 121 788	-95 121 788	0
	Ar díobh sin	6.0.1OTH Gníomhaíochtaí eile	0	-19 677 897	-19 677 897
		6.0.1SPEC Gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún	0	-1 056 891	-1 056 891
		6.0.14 Tíortha agus Críocha Thar Lear (TCTLanna) (an Ghraonlainn san áireamh)	0	-4 387 000	-4 387 000
		6.0.21 Cúnamh Réamhaontachais (IPA III)	3 000 000	-70 000 000	-67 000 000
		6.0.111 An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (ICFCI -- An Eoraip Dhomhanda)	92 121 788	0	92 121 788
	Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (Ionstraimí speisialta)		7 183 089	0	7 183 089
	Ar díobh sin	S.0.2 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED)	7 183 089	0	7 183 089
Iomlán			802 060 758	-802 060 758	0

2. Treisithe agus laghduithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

Déantar achoimre ar na príomhthreisithe agus ar na príomhlaghduithe (níos mó ná EUR 25 mhilliún) sa roinn seo.

2.1 Treisithe

Moltar san iarraidh ar aistriú **27 líne bhuiséid** a threisiú le haghaidh méid iomlán **EUR 802,1 milliún**. Na príomhlínte a ndéantar difear dóibh (i.e. a bhfuil athruithe os cionn EUR 25 mhilliún ina leith), cuirtear i láthair iad thíos de réir ceannteidil:

2.1.1 Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha

+ EUR 80,2 milliún le haghaidh *03 02 06 - Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí*. Iarrtar an méadú ar riachtanais íocaíochta chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi shnáithe an Bhiashlabhra laistigh de Chlár an Mhargaidh Aonair a mhaoiniú. Is é is cúis leis sin den chuid is mó ráigeanna de Fhliú Éanúil Ardphataigineach agus d'Fhiabhras Afracach na Muc sna Ballstáit, nach leor na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ina leith faoin gCiste Éigeandála chun na híocaíochtaí EUR 94,4 milliún atá dlíthe do na Ballstáit a chumhdach faoi dheireadh na bliana. Thairis sin, méadaíodh tréimhse na ndéontas le haghaidh an Fhíteachláir/an Chláir Tréidliachta, shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh, agus Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha ó bhliain amháin go 3 bliana, rud a fhágann go bhfuil íocaíochtaí réamh-mhaoinithe níos airde dlíthe in 2025. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 80,2 milliún.

+ EUR 31,6 milliún le haghaidh *03 05 01 - Comhar i réimse an chustaim (Custam)*. Ní leor na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá fágtha ar an líne bhuiséid chun na híocaíochtaí ionchasacha EUR 41,1 milliún a chumhdach thar an gcuid eile den bhliain. Cuirtear an t-easnamh i leith ráta íocaíochta níos tapúla ná mar a bhí coinne leis agus cur chuige faichilleach maidir leis na riachtanais a ríomh agus an Dréachtbhuiséad le haghaidh 2025 á ullmhú. Cumhdófar cuid de na riachtanais le haistriú inmheánacha. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 31,6 milliún.

2.1.2 Ceannteideal 2b - Athléimneacht agus Luachanna

+ EUR 25,9 milliún le haghaidh *07 03 01 01 - Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht indíreach*. Na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá inscríofa i líne bhuiséid Oideachais agus Oiliúna Erasmus+, ní leor iad chun na hoibleagáidí airgeadais a bhfuil coinne leo a chomhlíonadh faoi dheireadh 2025. Tá gá le creidmheasanna breise chun íocaíochtaí 2025 le Gníomhaireachtaí Náisiúnta a chumhdach, a bhfuil riachtanais airgeadais agus leibhéil réamh-mhaoinithe níos airde rompu anois ná mar a tuaradh ar dtús. Léiríonn sé sin gur cuireadh dlús le cur chun feidhme gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht indíreach. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 25,9 milliún.

2.1.3 Ceannteideal 3 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

+ EUR 150 milliún le haghaidh *08 03 01 01 Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT*. Ní leor na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá inscríofa i mbuiséad 2025 a vótáladh chun riachtanais na bliana a chumhdach. I mí an Mheithimh, ghlac an Coimisiún Dréachtbhuiséad Leasaitheach 2/2025 (DAB2) chun na híocaíochtaí eatramhacha leis na Ballstáit a chumhdach go dtí deireadh na bliana. Rinneadh meastacháin nuashonraithe ar an bhforghníomhú go dtí deireadh 2025 bunaithe ar na héilimh a cuireadh isteach le déanaí ag deireadh mhí Iúil chomh maith leis an réamhaisnéis nuashonraithe caiteachais arna soláthar ag na Ballstáit ag deireadh mhí Lúnasa. Cuireadh i dtábhacht leis sin an gá atá le méid breise chun na híocaíochtaí atá le teacht a chumhdach. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 150 milliún.

+ EUR 231,2 milliún le haghaidh *08 03 01 02 - Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe — cláir 2014-2022*. Ní leor na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá inscríofa i mbuiséad 2025 a vótáladh chun riachtanais na bliana a chumhdach. I mí an Mheithimh, ghlac an Coimisiún Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DAB2) chun na híocaíochtaí eatramhacha leis na Ballstáit a chumhdach go dtí deireadh na bliana. Rinneadh meastacháin nuashonraithe ar an bhforghníomhú go dtí deireadh 2025 bunaithe ar na héilimh a cuireadh isteach le déanaí ag deireadh mhí Iúil chomh maith leis an réamhaisnéis nuashonraithe caiteachais arna soláthar ag na Ballstáit ag deireadh mhí Lúnasa. Cuireadh i dtábhacht leis sin an gá atá le méid breise chun na híocaíochtaí atá le teacht a chumhdach. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 231,2 milliún.

+ EUR 26,3 milliún le haghaidh *09 02 04 - An t-aistriú i dtreo fuinneamh glan*. Chun na riachtanais íocaíochta a chomhlíonadh go dtí deireadh 2025 agus chun ús ar íocaíochtaí déanacha a sheachaint, tá gá le EUR 26,3 milliún i leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí ar an líne. Is é is cúis leis sin go príomha:

1. Riachtanais mheasta níos mó le haghaidh íocaíochtaí ar dheontais, mar gheall ar chur chun feidhme níos tapúla tionscadal, agus go háirithe le haghaidh na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe breise, ar tugadh giorrú ar an tréimhse chun iarrataí a chur isteach faoi deara ina leith i gcomparáid leis na meastacháin tosaigh;
2. Riachtanais mhéadaithe le haghaidh ionstraim chistiúcháin an Aontais le haghaidh tacaíocht theicniúil, is é sin an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, mar gheall ar mhéideanna níos airde a sonrascadh i gcomparáid leis an réamhaisnéis tosaigh, chomh maith le hathrú ar sceideal BEI maidir leis na hiarrataí ar réamh-mhaoiniú a phróiseálfar in aon chás amháin seachas ceithre cinn. Chun cur chun feidhme rianúil a áirithiú, mhéadaigh BEI a mheastacháin íocaíochta i dtaobh 2025;
3. Riachtanais níos mó le haghaidh na ngníomhaíochtaí soláthair, nach féidir a chumhdach leis an leithdháileadh a dheonaítear i mbuiséad 2025.

2.1.4 Ceannteideal 4 – An Imirce agus Bainistiú Teorainneacha

+ EUR 47 milliún le haghaidh 11 10 02 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscaála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA). Chun na riachtanais íocaíochta a eascraíonn as treochlár athbhreithnithe le haghaidh rolladh amach an ollstruchtúir idir-inoibritheachta, a d'fhormheas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 5 Márta 2025, a chumhdach, lena ngabhann íocaíochtaí beartaithe atá nasctha le cur chun feidhme córas, amhail ECRIS TCN, agus Eurodac, iarrtar atreisiú EUR 47 milliún.

2.1.5 Ceannteideal 6 – An Chomharsanacht agus an Domhan

+ EUR 92,1 milliún le haghaidh 14 02 01 11 - Comharsanacht an Oirthir. Baineann an iarraidh ar leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí go príomha leis na riachtanais íocaíochta mhéadaithe don Mholdóiv in 2025. Íocadh EUR 121 mhilliún san iomlán cheana féin in 2025 sa chlár don Mholdóiv maidir le Neamhspleáchas Fuinnimh agus Athléimneacht i ndáil le Fuinneamh, rud a chuir ar a cumas don Mholdóiv aghaidh a thabhairt ar na ganntanais fuinnimh a bhaineann le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus saoraidí táirgthe fuinnimh na hÚcráine a scríosadh. Níor áiríodh an íocaíocht sin san iarraidh ar Dhréachtbhuiséad 2025 a rinneadh i mí Feabhra 2024. Dá bhrí sin, iarrtar treisiú EUR 92,1 milliún.

2.2 Laghduithe

Moltar san iarraidh ar aistriú leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i ndáil le **33 líne bhuiséid** le haghaidh méid iomlán de **EUR 802,1 milliún**. Na príomhlínte a ndéantar difear dóibh (i.e. a bhfuil athruithe os cionn EUR 25 mhilliún ina leith), cuirtear i láthair iad thíos de réir ceannteidil:

2.2.1 Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha

- EUR 74,4 milliún le haghaidh 02 04 06 11 – Leathsheoltóirí – An Comhghnóthas um Shliseanna. Is é is cúis leis an mbarrachas castacht an nós imeachta soláthair chun na línte píolótacha a bhunú arb é is cúis leo nuálaíocht i dtáirgeadh leathsheoltóirí a éascú. Ós rud é gurb eintitis sheachtracha iad a bhainistíonn na conarthaí soláthair sin, tá an leibhéal éiginnteachta níos airde, agus éiríonn sé i bhfad níos casta réamhaisnéis a dhéanamh i leith íocaíochtaí. Ina theannta sin, ní dhéantar formhór na n-íocaíochtaí soláthair ach amháin tar éis an trealamh a ghlacadh. Dá bhrí sin, is féidir méid EUR 74,4 milliún a chur ar fáil.

- EUR 99,7 milliún le haghaidh 04 02 01 – Galileo / EGNOS. Tá tionchar ag moilleanna ar an leagan nua de EGNOS (EGNOS V3) atá á fhorbairt ag an tionscal, rud a ghineann barrachas íocaíochtaí EUR 35 mhilliún. Ina theannta sin, in 2025, ní bhfuair an Coimisiún an oiread sin Fógraí maidir le hAthrú ar an gConradh agus a raibh coinne leis go leasófaí conradh oibríochtaí Galileo, rud a fhágann go bhfuil riachtanais íocaíochta níos ísle in EUSPA chun na ngníomhaíochtaí oibríochta a chumhdach (EUR 64,7 milliún). Dá bhrí sin, is féidir méid iomlán EUR 99,7 milliún a chur ar fáil.

- EUR 28,3 milliún le haghaidh 04 02 99 01 - Clár roimhe seo a chur i gcrích i réimse na loingseoireachta satailíte (roimh 2021). Is é is cúis leis an mbarrachas réamhaíocht in 2024 i dtaca le híocaíochtaí le haghaidh Galileo, rud nárbh fhéidir a thuair agus Dréachtbhuiséad 2025 á ullmhú. Bhí gá leis na híocaíochtaí sin chun roinnt garspriocanna faoin gconradh maidir le deighleog an spáis (satailítí Galileo) a chumhdach agus, gan aon *reste à liquider* (RAL) a bheith fágtha faoi dheireadh 2024, is féidir EUR 28,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur ar fáil anois.

- EUR 91,6 milliún le haghaidh 04 03 01 – Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Ranníocaíocht o Cheadnteideal 1. Mínítear an barrachas le síniú moillithe an chonartha lamhálaíais leis an tionscal. Tugadh i gcrích é ar deireadh ag deireadh 2024 agus measadh an buiséad le haghaidh 2025 i mí Eanáir 2024 le féilire bonnlíne i ndáil le síniú an chonartha i lár 2024. Aistríodh tacar garspriocanna tionsclaíocha teicniúla ó 2025 go 2026 i gcomparáid leis an bhféilire

tosaigh a úsáideadh chun an buiséad a ullmhú, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar na riachtanais íocaíochta le haghaidh 2025. Dá bhrí sin, is féidir EUR 91,6 milliún a chur ar fáil.

2.2.2 Ceannteideal 2b - Athléimneacht agus Luachanna

- EUR 27,6 milliún le haghaidh 06 06 01 - *An Clár EU4Health*. Bhí tionchar ag síniú déanach chonarthaí na saoráidí 'i gcónaí réidh le dul' le haghaidh vacsaíní (FAB AE) ar uainiú na dtuarascálacha eatramhacha agus, dá bhrí sin, ar na híocaíochtaí a réamh-mheasadh ar dtús in 2025, a chuirfear siar go dtí 2026. Dá bhrí sin, is féidir EUR 27,6 milliún a chur ar fáil ón líne.

2.2.3 Ceannteideal 5 – Slándáil agus Cosaint

- EUR 28,1 milliún le haghaidh 12 04 99 02 *Clár um shábháilteacht núicléach agus um dhíchoimisiúnú núicléach roimhe seo a chur i gcrích sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic (roimh 2021)*. Meascán tosca is cúis leis an mbarrachas leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh 2025. A mhéid a bhaineann leis an mBulgáir, tugadh moilleanna faoi deara maidir le forghníomhú roinnt príomhthionscadal a bhfuil tionchar acu ar eisiocaíochtaí cistí (e.g. tógáil agus coimisiúnú na saoráide diúscairtha náisiúnta agus nuachóiriú na saoráide bainistithe dramhaíola radaighníomhaí). An tráth céanna, tá an fiontar stáit 'Dramhaíl Radaighníomhach' ag cur moill freisin ar thabhairt isteach tionscadal nua, atá le maoiniú trí Chiste Idirnáisiúnta Tacaíochta um Dhíchoimisiúnú Kozloduy. Mar thoradh ar an dá ghné le chéile, tá gá i bhfad níos lú le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do EUR 24,8 milliún. I gcás na Slóvaice, cé go bhfuil an clár beagnach curtha i gcrích, níl na hiarrataí ar bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí breise a chistiú tugtha chun críche go fóill ag an oibreoir. Tá an íocaíocht dhlite curtha siar go tús 2026. Dá bhrí sin, is féidir méid iomlán EUR 28,1 milliún a chur ar fáil.

- EUR 157,2 milliún le haghaidh 13 02 01 - *Forbairt acmhainneachta*. Tá cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí níos ísle ná mar a bhí coinne leis ar dtús mar gheall ar thíolacadh na seachadtaí ag na conraitheoirí a bheith níos moille ná mar a bhí coinne leis. Baineann an mhoill sin i gcásanna áirithe le castacht láimhseáil na ndoiciméad mar gheall ar a n-aicmiú slándála. Baineann sé freisin leis na leasuithe casta is gá a dhéanamh ar chonarthaí chun sonraíochtaí teicniúla na dtionscadal a choigeartú.

Is cláir nua iad na cláir chosanta faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil seo, dá bhrí sin tá an tionscal atá rannpháirteach sna tionscadail fós i mbun cur amach níos fearr a fháil ar nósanna imeachta an Aontais, d'ainneoin go n-eagraíonn an Coimisiún laethanta faisnéise do thionscail ar mian leo páirt a ghlacadh sa ghlaobliantúil ar thograí agus go gcomhroinneann sé na ceachtanna arna bhfoghlaim ó chur chun feidhme an tionscadail agus ó bhainistiú deontais le go mbeadh cur chun feidhme níos rianúla ann. Dá bhrí sin, is féidir EUR 157,2 milliún a chur ar fáil.

- EUR 30,7 milliún le haghaidh 13 03 01 - *Taighde ar chosaint*. Tá cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí níos ísle ná mar a bhí coinne leis ar dtús mar gheall ar thíolacadh déanach na seachadtaí ag na conraitheoirí. Baineann an mhoill sin i gcásanna áirithe le castacht láimhseáil na ndoiciméad mar gheall ar a n-aicmiú slándála. Baineann sé freisin leis na leasuithe casta is gá a dhéanamh ar chonarthaí chun sonraíochtaí teicniúla na dtionscadal a choigeartú. Is cláir nua iad na cláir chosanta faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil seo, dá bhrí sin tá an tionscal atá rannpháirteach sna tionscadail fós i mbun cur amach níos fearr a fháil ar nósanna imeachta an Aontais, d'ainneoin go n-eagraíonn an Coimisiún laethanta faisnéise do thionscail ar mian leo páirt a ghlacadh sa ghlaobliantúil ar thograí agus go gcomhroinneann sé na ceachtanna arna bhfoghlaim ó chur chun feidhme na dtionscadal agus ó bhainistiú deontais le go mbeadh cur chun feidhme níos rianúla ann. Is féidir EUR 30,7 milliún a chur ar fáil in 2025.

- EUR 39,6 milliún le haghaidh 13 06 01 – *Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a threisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA)*. Meascán tosca is cúis leis an laghdú. Is ionstraim ghearrthéarmach í an Ionstraim chun Tionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú (EDIRPA) a tugadh isteach le linn an Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha. Síniódh gach ceann de na cúig chomhaontú deontais EDIRPA i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2025. Rinneadh dréachtbhuiséad 2025 a mheas ag tús 2024 sula bhfuarthas léargas foriomlán ar na garspriocanna atá le baint amach. Cé go gcuirfidh trí thionscadal an chuid is mó de na garspriocanna dá bhforáiltear sna comhaontuithe deontais i gcrích in am in 2025, d'aistrigh an dá thionscadal a bhí fágtha soláthar na ngarspriocanna go dtí deireadh 2025 nó 2026. Dá bhrí sin, is féidir EUR 39,6 milliún a chur ar fáil.

- EUR 66 mhilliún le haghaidh 13 07 01 – *an Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú*. Is ionstraim ghearrthéarmach í an Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú (ASAP) a tugadh isteach le linn an CAI reatha. Níor síniódh gach ceann de na 31 thionscadal ASAP ach le linn an tríú seimeastar de 2024. Sa mheastachán tosaigh ar riachtanais íocaíochta 2025 a rinneadh le linn ullmhú Dhréachtbhuiséad 2025 ag tús 2024, glacadh leis go mbeadh tréimhse tuairiscithe agus íocaíochtaí eatramhacha ag na tionscadail uile in 2025. Is é is cúis leis an laghdú, áfach, 10 dtionscadal nach mbeidh a dtréimhse tuairiscithe ann roimh 2026 nó 2027. Thairis sin, i gcás trí thionscadal, tá moill ar garspriocanna a bhaint amach le linn 2025 mar thoradh ar chastacht na gcúraimí. Dá bhrí sin, is féidir EUR 66 mhilliún a chur ar fáil.

2.2.4 Ceannteideal 6 – An Chomharsanacht agus an Domhan

- EUR 70 milliún le haghaidh 15 02 02 03 – IPA III — *Soláthar an chiste don soláthar coiteann*. Tar éis ghlacadh an sceidil íocaíochta le haghaidh 2025, íocfar EUR 30 milliún san iomlán leis an gciste don soláthar coiteann in 2025 as an líne bhuiséid sin, agus tá méid EUR 100 milliún ar fáil ar an líne sin le haghaidh 2025. Dá bhrí sin, is féidir an EUR 70 milliún atá fágtha a chur ar fáil.

3. Aistrithe atá beartaithe

Déantar achoimre ar na haistrithe uile atá beartaithe, le haghaidh méadú nó laghdú ar leithreasuithe, sna táblaí in ord na hainmníochta buiséadaí. Léirítear an méid seo a leanas sa tábla:

- na leithreasuithe buiséid tosaigh, lena n-áirítear buiséid leasaitheacha amhail an 18 Meán Fómhair 2025;
- aistrithe amhail an 18 Meán Fómhair 2025;
- an cur chun feidhme amhail an 18 Meán Fómhair 2025;
- na leithreasuithe iomlána atá fós ar fáil;
- an t-aistriú atá beartaithe (méadú nó laghdú);
- an t-athrú céatadán, i gcomparáid leis an mbuiséad tosaigh (lena n-áirítear aon bhuiséad leasaitheach);
- an t-iarmhéid ar an líne tar éis an aistrithe atá beartaithe.

I gcás laghduithe nó treisithe ar na leithreasuithe údaraithe ar an líne bhuiséid, tugtar boinn chirt mhionsonraithe faoi iamh.

BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025

ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 01, 02, 03, 04, 05, 06, 07, 08, 09, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. DEC 15/2025

ÓN MÉID SEO A LEANAS:

CAIBIDIL	01 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	01 20 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	-2 268 739
	01 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	01 20 02	Réamhbhearta	Íocaíochtaí	-1 432 971
CAIBIDIL	02 02	Ciste InvestEU	MÍR	02 02 99 03	Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a chur i gcrích - Ionstraimí airgeadais	Íocaíochtaí	-14 527 476
	02 02	Ciste InvestEU	MÍR	02 02 99 08	Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo (roimh 2021) a bhaineann leis na meáin, le cultúr agus le teanga a chur i gcrích - Ionstraimí airgeadais	Íocaíochtaí	-9 159 973
CAIBIDIL	02 04	An Clár don Eoraip Dhigiteach	MÍR	02 04 01 10	Cibearshlándáil	Íocaíochtaí	-2 533 748
	02 04	An Clár don Eoraip Dhigiteach	AIRTEAG AL	02 04 04	Scileanna	Íocaíochtaí	-2 823 692
	02 04	An Clár don Eoraip Dhigiteach	MÍR	02 04 06 11	Leathsheoltóirí - Comhghnóthas Sliseanna	Íocaíochtaí	-74 355 725
CAIBIDIL	03 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	03 20 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	-344 083
	03 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	03 20 02	Réamhbhearta	Íocaíochtaí	-678 453
CAIBIDIL	04 02	Clár Spáis an Aontais	AIRTEAG AL	04 02 01	Galileo/EGNOS	Íocaíochtaí	-99 700 000
	04 02	Clár Spáis an Aontais	MÍR	04 02 99 01	Clár roimhe seo a chur i gcrích i réimse na loingseoireachta satailíte (roimh 2021)	Íocaíochtaí	-28 300 000
CAIBIDIL	04 03	Clár an Aontais um Nascacht Shlán	AIRTEAG AL	04 03 01	Clár an Aontais um Nascacht Shlán - Ranníocaíocht ó Ceannteideal 1	Íocaíochtaí	-91 600 000
CAIBIDIL	04 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí	AIRTEAG	04 20 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	-1 652 250

		agus gníomhaíochtaí eile	AL				
	04 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	04 20 02	Réamhbhearta	Íocaíochtaí	-9 450 000
CAIBIDIL	05 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	05 20 02	Réamhbhearta	Íocaíochtaí	-33 732
CAIBIDIL	06 02	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil	AIRTEAG AL	06 02 02	An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil	Íocaíochtaí	-5 000 000
CAIBIDIL	06 03	An euro a chosaint ar ghóchumadh	AIRTEAG AL	06 03 01	An euro a chosaint ar ghóchumadh	Íocaíochtaí	-87 285
CAIBIDIL	06 06	Clár EU4Health	AIRTEAG AL	06 06 01	Clár EU4Health	Íocaíochtaí	-27 580 743
CAIBIDIL	06 07	Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas	AIRTEAG AL	06 07 01	Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas	Íocaíochtaí	-1 000 000
CAIBIDIL	07 05	Eoraip na Cruithaitheachta	AIRTEAG AL	07 05 01	Sraith an Chultúir	Íocaíochtaí	-8 395 395
CAIBIDIL	07 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	07 20 01 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	-95 970
CAIBIDIL	08 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	08 20 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	-1 843 271
CAIBIDIL	09 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	09 20 02	Réamhbhearta	Íocaíochtaí	-834 459
CAIBIDIL	12 04	An tSábháilteacht Núicléach agus díchoimisiúnú, lena n-áirítear sábháilteacht núicléach agus díchoimisiúnú i gcás na Bulgáire agus na Slóvaice	MÍR	12 04 99 02	Clár um shábháilteacht núicléach agus um dhíchoimisiúnú núicléach roimhe seo a chur i gcrích sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic (roimh 2021).	Íocaíochtaí	-28 065 000
CAIBIDIL	13 02	An Ciste Eorpach Cosanta - Ábhar nach taighde	AIRTEAG AL	13 02 01	Forbairt cumais	Íocaíochtaí	-157 150 000
	13 02	An Ciste Eorpach Cosanta - Ábhar nach taighde	MÍR	13 02 99 01	An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a chur i gcrích (EDIDP) (2019 go 2020)	Íocaíochtaí	-1 800 000
CAIBIDIL	13 03	An Ciste Eorpach Cosanta (EDF) - Taighde	AIRTEAG AL	13 03 01	Taighde cosanta	Íocaíochtaí	-30 666 000
CAIBIDIL	13 06	Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a	AIRTEAG	13 06 01	Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar	Íocaíochtaí	-39 580 006

		atreisiú trí sholáthar comhpháirteach (EDIRPA)	AL		comhpháirteach (EDIRPA)		
CAIBIDIL	13 07	An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú	AIRTEAG AL	13 07 01	An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú	Íocaíochtaí	-65 980 000
CAIBIDIL	14 05	Tíortha agus críocha thar lear	AIRTEAG AL	14 05 02	Tíortha agus críocha thar lear seachas an Ghraonlainn	Íocaíochtaí	-4 387 000
CAIBIDIL	14 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	14 20 03 01	Deontais cúnaimh mhacrairgeadais (MFA)	Íocaíochtaí	-18 669 663
	14 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	14 20 03 06	Eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta	Íocaíochtaí	-1 008 234
	14 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	14 20 04 04	Meastóireachtaí agus iniúchtaí straitéiseacha	Íocaíochtaí	-1 056 891
CAIBIDIL	15 02	Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)	MÍR	15 02 02 03	IPA III — Soláthar an chiste don soláthar coiteann	Íocaíochtaí	-70 000 000

CHUIG

CAIBIDIL	02 03	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)	AIRTEAG AL	02 03 02	Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Fuinneamh	Íocaíochtaí	6 616 083
CAIBIDIL	03 02	Clár an Mhargaidh Aonair	MÍR	03 02 01 01	An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt	Íocaíochtaí	4 078 099
	03 02	Clár an Mhargaidh Aonair	MÍR	03 02 01 07	Faireachas margaidh	Íocaíochtaí	800 000
	03 02	Clár an Mhargaidh Aonair	AIRTEAG AL	03 02 05	Staidreamh ardchaighdeán faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh	Íocaíochtaí	2 000 000
	03 02	Clár an Mhargaidh Aonair	AIRTEAG AL	03 02 06	Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	Íocaíochtaí	80 221 000
CAIBIDIL	03 04	Comhar i réimse an chánachais (Fiscalis)	AIRTEAG AL	03 04 01	Comhar i réimse an chánachais (Fiscalis)	Íocaíochtaí	9 460 000
CAIBIDIL	03 05	Comhar i réimse an chustaim (Custaim)	AIRTEAG AL	03 05 01	Comhar i réimse an chustaim (Custaim)	Íocaíochtaí	31 600 000
CAIBIDIL	05 04	Tacaíocht do phobal Turcach na Cipire	AIRTEAG AL	05 04 01	Tacaíocht airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh	Íocaíochtaí	6 300 000

	05 04	Tacaíocht do phobal Turcach na Cipire	MÍR	05 04 99 01	Cur i gcrích tacaíochta airgeadais roimhe seo chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh (roimh 2021)	Íocaíochtaí	200 000
CAIBIDIL	05 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	AIRTEAG AL	05 20 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	104 000
CAIBIDIL	06 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	06 20 04 01	Comhordú agus faireachas ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro agus cumarsáid maidir leis	Íocaíochtaí	250 000
CAIBIDIL	07 03	Erasmus+	MÍR	07 03 01 01	Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn - Bainistíocht indíreach	Íocaíochtaí	25 901 234
CAIBIDIL	07 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	07 20 01 01	Treoirthionscadail	Íocaíochtaí	281 943
CAIBIDIL	08 03	An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	MÍR	08 03 01 01	Idirghabhálacha de chineál forbartha tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	Íocaíochtaí	150 000 000
CAIBIDIL	08 03	An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	MÍR	08 03 01 02	Idirghabhálacha de chineál forbartha tuaithe - cláir 2014-2022	Íocaíochtaí	231 214 256
CAIBIDIL	09 02	An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	AIRTEAG AL	09 02 01	An dúlra agus an bhithéagsúlacht	Íocaíochtaí	5 100 000
	09 02	An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	AIRTEAG AL	09 02 02	Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil	Íocaíochtaí	9 200 000
	09 02	An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	AIRTEAG AL	09 02 03	Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin	Íocaíochtaí	11 000 000
	09 02	An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	AIRTEAG AL	09 02 04	An t-aistriú chuig fuinneamh glan	Íocaíochtaí	26 300 266
	09 02	An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)	MÍR	09 02 99 01	Cláir roimhe seo (roimh 2021) i réimse an chomhshaoil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide (LIFE) a chur i gcrích	Íocaíochtaí	19 800 000
CAIBIDIL	09 20	Treoirthionscadail, réamhbhearta, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile	MÍR	09 20 04 01	Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha	Íocaíochtaí	9 329 000
CAIBIDIL	10 02	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)	AIRTEAG AL	10 02 01	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)	Íocaíochtaí	4 000 000
CAIBIDIL	11 10	Gníomhaireachtaí díláraithe	AIRTEAG AL	11 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse,	Íocaíochtaí	47 000 000

Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

CAIBIDIL	12 02	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)	<i>AIRTEAG AL</i>	12 02 01	<i>An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)</i>	Íocaíochtaí	19 000 000
CAIBIDIL	14 02	An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda (NDICI - An Eoraip Dhomhanda)	<i>MÍR</i>	14 02 01 11	<i>Comharsanacht an Oirthir</i>	Íocaíochtaí	92 121 788
CAIBIDIL	15 02	Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)	<i>MÍR</i>	15 02 01 02	<i>Erasmus+ - Ranníocaíocht ó IPA III</i>	Íocaíochtaí	3 000 000
CAIBIDIL	16 02	Slógadh sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)	<i>AIRTEAG AL</i>	16 02 02	<i>An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)</i>	Íocaíochtaí	7 183 089

Líne	Tuairisc ar an Líne	Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach (1)	Aistrithe (2)	Usáid (3)	An méid atá ar fáil (4)=(1)+(2)-(3)	An t-aistriú atá beartaithe (5)	Athrú (5/1)	Iomlán (4±5)
01 20 01	Treoirthionscadail	8 629 209	441 047	4 336 634	4 733 622	-2 268 739	-26,29%	2 464 883
01 20 02	Réamhbhearta	11 765 434	-578 107	5 276 329	5 910 998	-1 432 971	-12,18%	4 478 027
02 02 99 03	Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a chur i gcrích - lonstraimí airgeadais	48 917 476	0	9 203 330	39 714 146	-14 527 476	-29,70%	25 186 670
02 02 99 08	Gníomhaíochtaí agus cláir roimhe seo (roimh 2021) a bhaineann leis na meáin, le cultúr agus le teanga a chur i gcrích - lonstraimí airgeadais	11 271 739	0	472 890	10 798 849	-9 159 973	-81,26%	1 638 876
02 03 02	Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Fuinneamh	312 736 495	100 200 000	389 151 070	23 785 425	6 616 083	2,12%	30 401 508
02 04 01 10	Cibearshlándáil	24 578 097	20 000 000	36 500 481	8 077 616	-2 533 748	-10,31%	5 543 868
02 04 04	Scileanna	94 856 611	0	40 082 633	54 773 978	-2 823 692	-2,98%	51 950 286
02 04 06 11	Leathsheoltóirí - Comhghnóthas Sliseanna	312 685 654	-21 000 000	0	291 685 654	-74 355 725	-23,78%	217 329 929
03 02 01 01	An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt	20 662 707	0	17 242 631	3 420 076	4 078 099	19,74%	7 498 175
03 02 01 07	Faireachas margaidh	8 849 617	3 000 000	9 369 975	2 479 642	800 000	9,04%	3 279 642
03 02 05	Staidreamh ardchaighdeán faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh	68 000 000	0	55 396 773	12 603 227	2 000 000	2,94%	14 603 227
03 02 06	Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	220 000 000	-355 091	141 097 057	78 547 852	80 221 000	36,46%	158 768 852
03 04 01	Comhar i réimse an chánachais (Fiscalis)	30 538 313	-196 959	30 089 603	251 752	9 460 000	30,98%	9 711 752
03 05 01	Comhar i réimse an chustaim (Custaim)	112 361 841	0	103 707 099	8 654 742	31 600 000	28,12%	40 254 742
03 20 01	Treoirthionscadail	7 685 327	-1 097 625	1 115 093	5 472 609	-344 083	-4,48%	5 128 526
03 20 02	Réamhbhearta	5 104 602	1 097 625	1 950 673	4 251 554	-678 453	-13,29%	3 573 101
04 02 01	Galileo/EGNOS	1 090 000 000	0	478 761 709	611 238 291	-99 700 000	-9,15%	511 538 291
04 02 99 01	Clár roimhe seo a chur i gcrích i réimse na loingseoireachta satailíte (roimh 2021)	55 000 000	0	0	55 000 000	-28 300 000	-51,45%	26 700 000
04 03 01	Clár an Aontais um Nascacht Shlán - Ranníocaíocht ó Ceannteideal 1	150 000 000	0	1 747 860	148 252 140	-91 600 000	-61,07%	56 652 140
04 20 01	Treoirthionscadail	2 750 000	0	642 575	2 107 425	-1 652 250	-60,08%	455 175
04 20 02	Réamhbhearta	13 250 000	0	0	13 250 000	-9 450 000	-71,32%	3 800 000
05 04 01	Tacaíocht airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh	28 952 824	0	26 723 857	2 228 967	6 300 000	21,76%	8 528 967
05 04 99 01	Cur i gcrích tacaíochta airgeadais roimhe seo chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh (roimh 2021)	3 000 000	0	2 994 827	5 173	200 000	6,67%	205 173
05 20 01	Treoirthionscadail	2 236 914	0	740 914	1 496 000	104 000	4,65%	1 600 000
05 20 02	Réamhbhearta	73 875	0	40 143	33 732	-33 732	-45,66%	0

Líne	Tuairisc ar an Líne	Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach (1)	Aistrithe (2)	Úsáid (3)	An méid atá ar fáil (4)=(1)+(2)-(3)	An t-aistriú atá beartaithe (5)	Athrú (5/1)	Iomlán (4±5)
06 02 02	An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil	122 687 647	0	91 973 928	30 713 719	-5 000 000	-4,08%	25 713 719
06 03 01	An euro a chosaint ar ghóchumadh	870 000	0	394 334	475 666	-87 285	-10,03%	388 381
06 06 01	Clár EU4Health	553 000 000	0	306 183 171	246 816 829	-27 580 743	-4,99%	219 236 086
06 07 01	Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas	1 000 000	0	0	1 000 000	-1 000 000	-100,00%	0
06 20 04 01	Comhordú agus faireachas ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro agus cumarsáid maidir leis	12 050 000	0	9 255 956	2 794 044	250 000	2,07%	3 044 044
07 03 01 01	Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn - Bainistíocht indíreach	2 745 069 449	0	2 272 773 651	472 295 798	25 901 234	0,94%	498 197 032
07 05 01	Sraith an Chultúir	109 761 016	-4 666 721	38 359 461	66 734 834	-8 395 395	-7,65%	58 339 440
07 20 01 01	Treoirthionscadail	10 243 047	453 206	7 226 207	3 470 046	185 974	1,82%	3 656 019
08 03 01 01	Idirghabhálacha de chineál forbartha tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	6 200 000 000	1 000 000 000	7 167 261 656	32 738 344	150 000 000	2,42%	182 738 344
08 03 01 02	Idirghabhálacha de chineál forbartha tuaithe - cláir 2014-2022	4 275 000 000	1 000 000 000	4 992 202 180	282 797 820	231 214 256	5,41%	514 012 076
08 20 01	Treoirthionscadail	5 462 500	0	2 835 917	2 626 583	-1 843 271	-33,74%	783 312
09 02 01	An dúlra agus an bhitheagsúlacht	154 909 483	0	102 050 437	52 859 046	5 100 000	3,29%	57 959 046
09 02 02	Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil	114 944 920	0	78 214 540	36 730 380	9 200 000	8,00%	45 930 380
09 02 03	Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin	89 966 414	0	78 440 088	11 526 326	11 000 000	12,23%	22 526 326
09 02 04	An t-aistriú chuig fuinneamh glan	91 852 076	49 760	83 371 197	8 530 639	26 300 266	28,63%	34 830 905
09 02 99 01	Cláir roimhe seo (roimh 2021) i réimse an chomhshaoil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide (LIFE) a chur i gcrích	117 000 000	0	105 216 263	11 783 737	19 800 000	16,92%	31 583 737
09 20 02	Réamhbhearta	2 257 220	-20 000	1 029 994	1 207 226	-834 459	-36,97%	372 767
09 20 04 01	Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha	15 942 874	0	15 432 677	510 197	9 329 000	58,52%	9 839 197
10 02 01	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)	971 926 563	0	747 214 646	224 711 917	4 000 000	0,41%	228 711 917
11 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)	213 266 216	76 744 000	290 010 216	0	47 000 000	22,04%	47 000 000
12 02 01	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)	182 860 232	-3 000 000	134 177 204	45 683 028	19 000 000	10,39%	64 683 028
12 04 99 02	Cláir um shábháilteacht núicléach agus um dhíchoimisiúnú núicléach roimhe seo a chur i gcrích sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic (roimh 2021).	40 300 000	0	628 556	39 671 444	-28 065 000	-69,64%	11 606 444
13 02 01	Forbairt cumais	688 000 000	0	129 487 155	558 512 845	-157 150 000	-22,84%	401 362 845

Líne	Tuairisc ar an Líne	Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach (1)	Aistrithe (2)	Úsáid (3)	An méid atá ar fáil (4)=(1)+(2)-(3)	An t-aistriú atá beartaithe (5)	Athrú (5/1)	Iomlán (4±5)
13 02 99 01	An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a chur i gcrích (EDIDP) (2019 go 2020)	11 000 000	0	5 804 462	5 195 538	-1 800 000	-16,36%	3 395 538
13 03 01	Taighde cosanta	301 804 982	0	46 508 576	255 296 406	-30 666 000	-10,16%	224 630 406
13 06 01	Ionstraim um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhpháirteach (EDIRPA)	100 000 000	0	0	100 000 000	-39 580 006	-39,58%	60 419 994
13 07 01	An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú	120 000 000	0	34 422 156	85 577 844	-65 980 000	-54,98%	19 597 844
14 02 01 11	Comharsanacht an Oirthir	264 350 963	124 772 625	318 204 757	70 918 830	92 121 788	34,85%	163 040 619
14 05 02	Tíortha agus críocha thar lear seachas an Ghraonlainn	43 870 000	0	17 325 312	26 544 688	-4 387 000	-10,00%	22 157 688
14 20 03 01	Deontais cúnamh mhacrairgeadais (MFA)	59 267 773	-40 220 000	173 110	18 874 663	-18 669 663	-31,50%	205 000
14 20 03 06	Eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta	24 593 350	0	19 047 193	5 546 157	-1 008 234	-4,10%	4 537 923
14 20 04 04	Meastóireachtaí agus iniúchtaí straitéiseacha	22 384 407	220 000	14 576 043	8 028 364	-1 056 891	-4,72%	6 971 472
15 02 01 02	Erasmus+ - Ranniocaíocht ó IPA III	48 100 000	0	32 024 686	16 075 314	3 000 000	6,24%	19 075 314
15 02 02 03	IPA III — Soláthar an chiste don soláthar coiteann	100 000 000	0	30 000 000	70 000 000	-70 000 000	-70,00%	0
16 02 02	An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)	5 000 000	-170 000	695 061	4 134 939	7 183 089	143,66%	11 318 028
Iomlán an LAGHDAITHE Íocaíochtaí						-802 060 758		
Iomlán an MHÉADAITHE Íocaíochtaí						802 060 758		
Iomlán an LAGHDAITHE Gealltanais						0		
Iomlán an MHÉADAITHE Gealltanais						0		
Iomlán an LAGHDAITHE Neamhdhifreáilte						0		
Iomlán an MHÉADAITHE Neamhdhifreáilte						0		

Decreased 02 02 99 03

Completion of previous research programmes (prior to 2021) — Financial instruments

After the adoption of the Draft Budget 2025, the European Investment Fund (EIF) announced that no further payment would be required for the Space Pilot equity in 2025 and 2026, as they would have sufficient funds to support the project without additional contributions. Therefore, the remaining EUR 14,5 million in payment appropriations will not be consumed and can be made available.

Decreased 02 02 99 08

Completion of previous actions and programmes related to media, culture and language (prior to 2021) — Financial instruments

An amount of EUR 9,2 million in payment appropriations can be made available as, according to the last provisions received by the EIF, there will be no further payment this year. Therefore, EUR 9,2 million in payments can be made available from the line.

Increased 02 03 02

Connecting Europe Facility (CEF) — Energy

